



TREOIR RTÉ DO CHEARTA AONAIR UM CHOSAINT SONRAÍ

Tá tábhacht le do chearta príobháideachais agus le do chearta cosanta sonraí do RTÉ. Mar a mhínítear i bPolasáí Príobháideachais RTÉ, tá roinnt ceart ann is féidir a fheidhmiú faoin dlí um chosaint sonraí. Mínítear sa treoír seo na cearta sin agus conas iad a fheidhmiú. Sainmhínítear na téarmaí a thaispeántar i gceannlitreacha sa cháipéis seo i bPolasáí Príobháideachais RTÉ.

1. CAD IAD NA CEARTA ATÁ AGAT?

1.1 Forálann an dlí um chosaint sonraí do na cearta seo a leanas:

CEART	CUR SIOS
Iníúchadh agus rochtain a fháil	Ceadaítear duit achoimre agus / nó cóip a iarraidh de do Shonraí Pearsanta a phróiseáilimid nó a phróiseáiltear ar ár son, mar aon le sonraí faoin mbealach a bpróiseáilimid Sonraí Pearsanta.
Ceartú	Ceadaítear duit a iarraidh go ndéanfaí aon Sonraí Pearsanta míchruinne a cheartú.
Scríosadh (an ceart go ligfí i ndearamad)	I gcúinsí áirithe, ceadaítear duit a iarraidh go scríosfar Sonraí Pearsanta.
Srian	Ceadaítear duit a iarraidh go mbeadh srian ar RTÉ maidir le próiseáil do chuid Sonraí Pearsanta.
Inaistritheacht	Ceadaítear duit a iarraidh go gcuirfidh RTÉ Sonraí Pearsanta áirithe, a chuir tú ar fáil dóibh, ar aghaidh chuig do rialaitheoir féin nó chuig rialaitheoir eile.
Cur i gcoinne	Ceadaítear duit, bunaithe ar do chúinsí ar leith, cur i gcoinne Próiseáil Sonraí atá á déanamh ag RTÉ, agus sa chás sin, d'fhéadfadh go mbeadh ar RTÉ stop a chur leis an bPróiseáil sin.
Uathchinnteoireacht	Tá sé de cheart agat gan a bheith faoi réir cineálacha áirithe uathchinnteoireachta má bhíonn éifeachtaí dlíthiúla ag an gcinneadh nó más amhlaidh go dtéann sé i bhfeidhm ort agus nuair nach mbíonn aon ionchur daonna i gceist. Is fíor-annamh a thabharfadh RTÉ faoi ghníomhaíochtaí den sórt sin.

1.2 Mar sin féin, tabhair faoi deara nach bhfuil na cearta sin ach ag daoine aonair atá faoi réir critéir áirithe a leagtar amach sa reachtaíocht um chosaint sonraí agus dá bhrí sin nach mbeidh siad ábhartha i ngach cás.

2. DO CHEARTA A FHEIDHMIÚ

2.1 Is féidir na cearta a leagtar amach thuas a fheidhmiú trí theagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí RTÉ ar an mbealach seo a leanas: trí ríomhphost ag dpo@rte.ie nó tríd an bpost chuig Oifigeach Cosanta Sonraí, RTÉ, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4.

2.2 Ar mhaithe le cabhrú linn freagra a thabhairt ar d'iarratas, bí chomh sonrathach agus is féidir. Mar shampla, más mian leat do cheart a fheidhmiú chun rochtain a fháil ar do Shonraí Pearsanta, iarr na Sonraí Pearsanta ar mian leat cóip a fháil ina leith. Cuir isteach aon sonraí breise a chabhródh linn freagra a thabhairt ar d'iarratas - mar shampla, uimhir thagartha foirne, ainmneacha Ranna RTÉ a raibh baint agat leo, srl.

2.3 Más mian leat go ndéanfadh tríú páirtí iarratas chun do chearta a fheidhmiú ar do shon (mar shampla, ball teaghlach nó atur nae), ní mór duit údarú i scríbhinn a chur ar fáil chun ligean dúinn do Shonraí Pearsanta a nochtadh don tríú páirtí sin.

- 2.4 Seans go n-iarrfar ort cruthúnas céannachta a chur ar fáil. I measc na gcineálacha foirmeacha aitheantais a nglactar leo, áirítear: cóip de phas, ceadúnas tiomána nó cárta aitheantais foirne. Glacfar le cóipeanna i bhformhór na gcásanna ach, fós féin, tá sé de cheart againn a iarraidh go bhfeicimid doiciméid bhunaidh nuair is gá. Scriosfar cóipeanna de na doiciméid sin nuair a dheimhneofar cé thú féin.

Dáta: 22 Bealtaine 2018